C/2025/802

30.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11663 – NOKIA / INFINERA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/802)

1. An 22 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nokia Corporation ('Nokia', an Fhionlainn),

— Infinera Corporation ('Infinera', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Nokia rialú aonair ar Infinera ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ilnáisiúnta é Nokia a bhíonn i mbun seirbhísí um bhonneagar líonra, seirbhísí teicneolaíochta agus seirbhísí bogearraí a sholáthar,

— Is soláthraí domhanda réitigh líonraithe é Infinera, ar réitigh líonraithe iad a chuimsíonn trealamh líonraithe, leathsheoltóirí optúla, bogearraí agus seirbhísí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11663 – NOKIA / INFINERA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').